


# Tionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh

**Nuashonrú Fómhar 2021**



EIRGRID

Todhchaí fuinnimh níos glaine a bhaint amach

# Cé hiad EirGrid – agus cad a dhéanaimid?

Tá EirGrid freagrach as soláthar sábháilte, slán agus iontaofa leictreachais – anois agus amach anseo.

Déanaimid an gréasán tarchurtha leictreachais a fhorbairt, a bhainistiú agus a fheidhmiú. Tugtar ar an eangach seo cumhacht ón áit a ngintear í go dtí an áit a bhfuil gá léi ar fud na hÉireann. Bainimid úsáid as an eangach seo chun cumhacht a sholáthar don tionscadal agus do ghnólachtaí a úsáideann méideanna móra leictreachais. Tugtar cumhacht ar an eangach freisin don ghréasán dáileacháin agus soláthraítear an leictreachas a úsáideann sibh gach lá in bhur dtithe, gnólachtaí, scoileanna, ospidéil agus feirmeacha.

# Maidir leis an nuashonrú seo

Tá an nuashonrú seo daoibhse mar pháirtithe leasmhara, pobail, úinéirí talún agus baill den phobal ar mian libh níos mó a fháil amach faoi Thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh atá á thabhairt chun cinn mar chábla faoin talamh. Sa cháipéis seo cuirtear ar fáil faisnéis cothrom le dáta ar an tionscadal, lena n-áirítear:

- Cad atá i gceist le Tionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh?
- Ár gcur chuige 6 chéim i leith an chomhairliúcháin agus na rannpháirtíochta,
- An méid a tharla go dtí seo,
- Sonraí faoin rogha bealaigh is feidhmiúla,
- Na chéad chéimeanna eile agus an chaoi ar féidir leat a bheith páirteach,
- Fóram pobail agus ciste leasa pobail.

Is féidir leat teacht ar nuashonruithe roimhe seo ar ár suíomh gréasáin http://www.eirgridgroup.com/the-grid/projects/north-connacht/the-project/



# Cad atá i gceist le Tionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh?

Cruthófar leis an Tionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh ciorcad nua sa ghréasán tarchurtha leictreachais in Iarthuaisceart na hÉireann. Feabhsófar leis an gciorcad nua an gréasán sa cheantar agus cuirfear ar fáil leis an cumas éilimh nua ar leictreachas a nascadh chun tacú le fás eacnamaíoch sa cheantar, agus chun giniúint in-athnuaite eile a nascadh chun cabhrú spriocanna ár bPlean Gníomhaithe ar son na Aeráide a bhaint amach.

Tá na míreanna seo a leanas i gceist le Tionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh:

- Ciorcad cábla leictreachais faoi thalamh 110 kV nua ó Fhostáisiún na Maí i mBéal an Átha i gContae Mhaigh Eo go Fostáisiún na Tóna Rua i mBaile an Doirín i gContae Ros Comáin.
- Obair uasghrádaithe agus sínte go fostáisiún na Maí agus na Tóna Rua.
- Uasghrádú ar an líne lasnairde 110 kV atá ann cheana féin idir fostáisiúin na Tóna Rua agus Choillín an Triain i gContae Ros Comáin. Ní athrófar suíomh na líne.

# Cén fáth a bhfuil gá le tionscadal Chonnacht Thuaidh agus cad iad na buntáistí?

Ó 2020, is ó fhoinsí in-athnuaite a thagann thart ar 40% den leictreachas a úsáidimid faoi láthair in Éirinn gach bliain. I bPlean Gníomhaithe an Rialtais ar son na hAeráide leagtar amach an sprioc 70% de leictreachas a bhaint amach ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite faoi 2030.

Is céim thábhachtach é tionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh chun an sprioc seo a bhaint amach. I láthair na huaire, gintear cuid mhór leictreachas in-athnuaite i réigiún Chonnacht Thuaidh agus tá níos mó pleanáilte sna na blianta atá le teacht.

De bhrí nach féidir an sruth cumhachta a bhfuiltear ag dréim leis a bhainistiú leis an ngréasán leictreachais áitiúil reatha, ní mór dúinn an gréasán leictreachais sa réigiún a fheabhsú.

Beidh an ciorcad nua ina chabhair chun an eangach a neartú sa réigiún, rud a bheidh ina chabhair freisin chun tionscal a mhealladh agus fás eacnamaíoch a thiomáint.

## Tairbhí

**Comórtas**

Brú anuas a chur ar chostas an leictreachais.

**Inbhuanaitheacht**

Aistriú na hÉireann go todhchaí fuinnimh ísealcharbóin a éascú.

**Slandáil Soláthair**

Soláthar leictreachais a fheabhsú do thomhaltóirí leictreachais na hÉireann.

**Eacnamaíoch**

Cur leis an ngeilleagar réigiúnach agus tacú le hinfheistíocht dhíreach eachtrach.


**An Pobal**

Tairbhe don phobal a chur ar fáil sna limistéir ina n-éascaítear bonneagar an tionscadail.

# Ár gcur chuige 6 chéim i leith an chomhairliúcháin agus na rannpháirtíochta


Inár bhfoilseachán 'Bíodh Deis Labhartha Agat' tugtar achoimre ar ár ngealltanas teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus éisteacht leo. Tugtar achoimre ann ar ár gcur chuige sé chéim mhionsonraithe i leith tionscadail a fhorbairt, agus ar an gcaoi ar féidir leat a bheith páirteach ag gach céim.

Inár bhfoilseachán 'Straitéis Teagmhála Poiblí' déantar ár dtiomantas maidir le teagmháil a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara a atreisiú maidir le tionscadail mar seo a fhorbairt. Is féidir leat cóip den dá fhoilseachán seo a fháil ag www.eirgrid.ie.




**Fíor 1: Ár gcur chuige 6 chéim i leith an eangach leictreachais a fhorbairt**

Tá céim 4 anois ag críochnú agus táimid ag bogadh go céim a cúig.




**Fíor 2: Ár cur chuige 6 chéim le haghaidh Thionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh**

# Cad a tharla maidir leis an tionscadal go dtí seo?

**I gCéim 1**, shainaithníomar an gá atá le Tionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh.

**I gCéim 2**, thiomsaíomar gearrliosta de roghanna teicniúla, a chuaigh amach le haghaidh comhairliúchán poiblí idir 2017 agus 2018. Áiríodh leis seo meascán de líne lasnairde, cábla faoin talamh agus teicneolaíochtaí méadaithe voltais. Tógadh ceithre cinn de na roghanna seo chun tosaigh go Céim 3 in Aibreán 2019.

**I gCéim 3**, chuamar i gcomhairle leatsa ar na roghanna teicneolaíochta gearrliostaithe lenar áiríodh líne lasnairde agus cábla faoin talamh. Bhí an t-aiseolas seo, chomh maith le staidéir agus fiosruithe breise, ina chabhair dúinn dhá cheann de na roghanna teicneolaíochta is feidhmiúla a shainaithint.

**I gCéim 4**, shainaithníomar an limistéar staidéir le haghaidh an tionscadail seo agus chuamar i gcomhairle leatsa maidir le gnéithe éagsúla amhail na roghanna maidir le líne lasnairde nua agus na roghanna maidir le cábla faoi thalamh, chomh maith le huasghrádú na líne lasnairde reatha ó Choillín an Triain chun na Tóna Rua. Tar éis teagmháil agus measúnú maidir leis na roghanna teicneolaíochta, sainaithníodh rogha an chábla faoi thalamh mar an Rogha is Feidhmiúla atá ag Teacht chun Cinn (RFTCC). Ansin chuamar i gcomhairle leatsa arís maidir le bealach a fhorbairt le haghaidh rogha seo an chábla seo faoi thalamh. Is féidir breathnú ar thorthaí na hoibre seo ar shuíomh gréasáin ár dtionscadail www.eirgrid.com/NorthConnachtProject.

Sainaithníodh bealach cábla faoi thalamh trí rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus pobail, tríd an uirlis mheasúnaithe ilchritéar a úsáid, lena ndéantar na cúig phríomhfhachtóir a mheas; Teicniúil, Eacnamaíoch, Comhshaol, Socheacnamaíoch agus Inseachadtacht.




**Fíor 3: Uirlis Mheasúnaithe Ilchritéar**

## Staidéir Chéim 4

I gCéim 4, chuireamar i gcrích raon de mheasúnuithe agus fiosruithe. Thóg siad seo ar na cinn a rinneamar i gCéim 1, 2 agus 3. Tríd an obair seo tá Rogha is Feidhmiúla socraithe ag EirGrid – bealach ciorcaid Cábla Faoi Thalamh 110 kV ón Maigh chun na Tóna Rua. Tá measúnú déanta againn ar na fiosruithe seo agus chuireamar iad i gcomparáid lena chéile faoi chúig chatagóir:

1. Gnéithe teicniúla; Comhlíonadh le Caighdeáin Leictreachais/ Gnéithe Oibríochtúla,
2. Fachtóirí Eacnamaíocha; costais a bhaineann le Feidhmiú an Tionscadail,
3. Fachtóirí Comhshaoil; an Bhithéagsúlacht/ gnáthóga/coinníollacha talún/ seandálaíocht,
4. Fachtóirí socheacnamaíocha – amhail an geilleagar áitiúil agus fóntais áitiúla; agus
5. Fachtóirí inseachadta – amhail amlíne agus rioscaí féideartha.

Rinneadh machnamh ar d’aiseolas freisin mar chuid de na staidéir seo.

## Céim 4 - Teagmháil agus Comhairliúchán

Rinneamar teagmháil go fairsing le páirtithe leasmhara i rith na céime seo den tionscadal. Bhí céim faisnéise 13 seachtaine againn ó Mheán Fómhair 2020 go mí na Nollag 2020.

Mar gheall ar shrianta leanúnacha Covid-19, d’aistríomar go dtí ardán ar líne chun príomh-nuashonruithe tionscadail a chur ar fáil agus a bheith i dteagmháil le gach páirtí leasmhar agus ball den phobal.

I rith 2021, táimid ag déanamh teagmhála le páirtithe leasmhara áitiúla ar bhonn leanúnach. Chomh maith leis seo, rinneamar iarrachtaí breise dul i dteagmháil leis an bpobal. I measc roinnt de na gníomhaíochtaí seo bhí:

- Feachtas sna meáin: “Línte a Uasghrádú – Beatha Daoine a Uasghrádú”,
- Ar líne: 11 Sheimineár Gréasáin, fógraíocht dhigiteach, leathanach gréasáin tionscadail, Ceistneoirí/Suirbhéanna, spás Taispeántais Fhíorúil, físeán Beochana,
- As líne: 3 scaipeadh bileog go 41,000 seoladh cláraithe laistigh den limistéar staidéir, seirbhís Saorphoist, seirbhís athghlao teileafóin agus seónna raidió; agus
- Litir: Scaipeadh litir nuashonraithe faoin tionscadal ar 6171 chónaitheoir agus gnólacht i limistéar an tionscadail.

# Rogha is feidhmiúla

Tá Tionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh anois ag deireadh Chéim 4 dár bpróiseas 6 chéim. Tar éis rannpháirtíocht leanúnach le pobail, úinéirí talún áitiúla, gníomhaireachtaí ábhartha agus staidéir bhreise a chur i gcrích, is féidir linn an rogha bealaí is feidhmiúla a dhearbhú le haghaidh chábla leictreachais faoi thalamh 110 kV Chonnacht Thuaidh.

## Bealach le haghaidh an Chábla faoin Talamh


Tá an bealach ciorcaid cábla faoi thalamh 110 kV ó Fhostáisiún 110 kV na Maí i mBéal an Átha i gContae Mhaigh Eo go Fostáisiún 110 kV na Tóna Rua i mBaile an Doirín i gContae Ros Comáin. Tá sé thart ar 60 km ar fad. Téann sé timpeall ar bhailte móra agus sráidbhailte amhail Béal an Átha, Béal Easa agus Baile an Doirín. Tá tuilleadh measúnuithe ar siúl chun an bealach is feidhmiúla le haghaidh an chábla ag Béal Easa a shocrú – cuirfear an fhaisnéis seo ar fáil níos moille i mbliana.

Tógfar bealach an chábla faoi thalamh go príomha i mbóithre poiblí, mar sin féin, chun sriantaí agus bacainní ar feadh an bhealaigh a sheachaint, is gá roinnt den chábla a thógáil as an mbóthar, ag codanna éagsúla.

Tógfar thart ar 53 km de bhealach an chábla faoi thalamh ar mheascán de chineálacha bóthair ón Maigh chun na Tóna Rua, amhail; an N5, N26, L1321, N59 srl. Is ionann na codanna easbhóthair den chábla faoi thalamh agus thart ar 7 km den bhealach ar fad. Beidh codanna den chábla easbhóthair suite den chuid is mó ag Baile an Doirín, Béal Átha na Muice, Béal an Átha idir suíomhanna eile; táimid i dteagmháil le húinéirí talún áitiúla maidir leis seo.

Beidh gá, freisin, leis an gcábla faoi thalamh dul trasna sruthchúrsaí, mar shampla díoga draenála agus aibhneacha. Chun dul trasna na mbacainní seo is féidir dhá mhodh faoi leith a úsáid. Modh amháin is ea trinse gearrtha oscailte, agus is é an modh eile druileáil threoch chothrománach a úsáid.







**Fíor 4: Léarscáil den rogha bealaigh is feidhmiúla**

# Cén chuma atá air, cábla faoin talamh a thógáil?

Bainfimid úsáid as Sruth Ailtéarnach Ardvoltais (HVAC) le haghaidh an tionscadail seo. Baintear úsáid as an bhfoirm tarchurtha leictreachais seo go hidirnáisiúnta i ngréasáin leictreachais agus in Éirinn. Chun tarchur leictreachais a bhaint amach ag úsáid Sruth Ailtéarnach (AC), bheadh trí chábla ag teastáil. Leagfaí na trí chábla seo sa trinse céanna i mbóthar. Táthar ag súil leis go mbeidh an trinse suas le 1 mhéadar ar leithead (féach Fíor 5).




**Fíor 5: Gnáthshocrú duchta le haghaidh cábla HVAC faoin talamh**

Beidh cuasa scoite sealadacha (fíor 9) ag teastáil ag roinnt suíomhanna bánna siúntála chun gluaiseacht tráchta a choinneáil le linn oibreacha suiteála cábla.

Nuair a thosóidh an tógáil, déanfaimid comhairliúchán agus beimid ag obair go dlúth le páirtithe leasmhara áitiúla chun aon chur isteach a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar chéim thógála an tionscadail a laghdú. Sna grianghraif seo a leanas tugtar tuairim ghinearálta ar an gcuma a d'fhéadfadh a bheith ar thógáil.



**Fíor 6: Gnáthshuiteáil duchta cábla sa bhóthar**



**Fíor 7: Gnáthbhá siúntála mar a nasctar cáblaí**



**Fíor 8: Cáblaí á dtarraingt isteach sna duchtanna agus sa bhá siúntála**



**Fíor 9: Gnáthbhá siúntála ag feidhmiú le linn siúntáil cáblaí**

# Cad é an chéad rud eile a bheidh ag tarlú?

## Céim 5 – Sracfhéachaint

Ullmhófar iarratas pleanála le cur isteach go díreach go dtí an Bord Pleanála.

Táthar ag dréim leis go gcuirfear an t-iarratas isteach i Ráithe 1 de 2022.

Leanfaidh EirGrid ar aghaidh ag déanamh teagmhála go háitiúil maidir le roghanna do Bhéal Átha na Muice.

Áireofar sna hiarratais phleanála ullmhúchán breithmheasa agus tuarascálacha éiceolaíocha. Leanfaidh teagmháil ar aghaidh i rith na gcéimeanna atá fágtha den tionscadal. A luaithe is a bheidh na hiarratais curtha isteach, beidh an tionscadal istigh i gcéim an chomhairliúcháin reachtúil. Mar gheall air seo, is féidir le baill den phobal aighneachtaí a dhéanamh maidir leis an tionscadal go dtí an Bord Pleanála nó an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Má éiríonn leis, táthar ag dréim leis go ndéanfar cinneadh deiridh tabhairt faoin tionscadal, agus bhogfadh an tionscadal seo ar aghaidh go dtí céim na tógála in 2023.

## Fóram agus Ciste Leasa Pobail:

**Fóram Pobail:**

### Cad é an Fóram Pobail?

Is é is cuspóir don Fhóram a chinntiú go dtuigtear tuairimí páirtithe leasmhara agus an phobail agus go ndéantar iad a bhreithniú go cuí le linn sheachadadh an tionscadail. Cuirfidh an grúpa Fóram ar fáil
le haghaidh comhphlé idir páirtithe leasmhara agus leasanna sa tionscadal agus foireann an tionscadail. Beidh cathaoirleach neamhspleách ag an bhFóram.

### Ról an Fhóraim:

- Ionadaíocht a dhéanamh maidir le tuairimí a n-eagraíochta nó a bpobail,
- Machnamh a dhéanamh ar an tionscadal agus treoir a chur ar fáil maidir le riachtanais agus tosaíochtaí áitiúla,
- Cabhrú maidir le réiteach saincheisteanna áitiúla a éascú
go tráthúil, a d'eascair as an tionscadal,
- Aiseolas a chur ar fáil d'fhoireann an tionscadail,
- 'Guth áitiúil' a éascú agus faisnéis a chur in iúl do ghrúpa níos leithne páirtithe leasmhara réigiúnacha agus áitiúla.



### Ballraíocht an Fhóraim:

Beidh ballraíocht san Fhóram ag ionadaithe ó chumainn áitiúla cónaitheoirí agus pobail, grúpaí míchumais agus sainleasa agus gnólachtaí agus eagraíochtaí spóirt i limistéar an tionscadail. Tugtar ballraíocht d'ionadaithe poiblí áitiúla freisin.

### Bunú an Fhóraim:

Beidh oíche faisnéise againn i mí Mheán Fómhair chun pobail agus páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoin bhFóram Pobail agus faoin gCiste Leasa Pobail.

Socrófar cruinnithe de réir riachtanais teagmhála, téamaí agus cuspóirí faoi leith a bhaineann leis an tionscadal, agus beidh ceithre cinn ar a laghad ann gach bliain.



## Ciste Leasa Pobail:

### Cad é an Ciste Leasa Pobail agus cad iad na tionscadail pobail a n-úsáidfear é dóibh?

Is é aidhm an Chiste Leasa Pobail tacú le tionscadail áitiúla sna pobail atá cóngarach do bhonneagar nua leictreachais. Tá de rún againn Ciste Leasa Pobail a sheachadadh ag an am céanna leis an gclár tógála.

Is é ár mBeartas díriú ar thionscadail le haghaidh pobail, inbhuanaitheachta agus bithéagsúlachta, ach déanfaimid machnamh ar roghanna eile a chuirfidh an pobal chun tosaigh.

Le ciste tiomnaithe le haghaidh gach tionscadal feabhsaithe eangaí cuirfear ar fáil leasanna díreacha do na pobail is cóngaraí do bhonneagar tarchurtha nua. Leis na cistí seo, atá i gcomhréir le scála an tionscadail, tacaítear le cúiseanna maithe, cabhraítear le pobail a gceantar a athrú ó bhonn, agus tugtar deis do gach pobal 'pobal fuinnimh in-athnuaite' a dhéanamh díobh féin nó leanúint ar aghaidh mar sin.

Is é ár mór-aidhm cur le folláine phoiblí agus chomhshaoil sa phobal agus oidhreacht dhearfach a fhágáil sna pobail ina bhfuil ár mbonneagar.

Ceapfar riarthóir ciste neamhspleách chun maoirseacht a dhéanamh ar an gciste leasa pobail.

Beidh an Fóram Pobail áitiúil i gceannas ar straitéis tionscadail Leasa Pobail a fhorbairt.

Comhaontófar seo sula scaoilfear an maoiniú leasa pobail.

Sa straitéis seo beidh:

- Anailís ar riachtanais an phobail (lena n-áirítear anailís shocheacnamaíoch),
- Tosaíochtaí leasa pobail,
- Tionscnaimh agus comhpháirtíochtaí comhlántacha féideartha (mar shampla, LEADER); agus
- Faisnéis ábhartha eile.

# Céim 5 – Sracfhéachaint

**Céim 1** Sainaithint riachtanais na heangaí i gcrích.

**Céim 2** Sainaithint na dteicneolaíochtaí lenar féidir na riachtanais seo a chomhlíonadh i gcrích.

**Céim 3** Cad é an rogha is fearr cén ceantar a bhféadfaí tionchar a imirt air?

**Céim 4** Cén áit go díreach ar cheart dúinn tógáil?

**Céim 5** Iarratas a dhéanamh ar chead pleanála.

**Céim 6** Tógáil, fuinnmhiú (í a dhéanamh beo) agus comhroinnt tairbhí.

## **Céim 5** Sracfhéachaint

### Cén chaoi ar féidir liom fanacht ar an eolas?

Más mian leat tuilleadh faisnéise a fháil, cláraigh chun ríomhphoist nuashonraithe a fháil nó chun aiseolas a thabhairt ar an tionscadal seo, is féidir leat ríomhphost a chur chuig **NorthConnachtProject@EirGrid.com**

### Cad ar féidir liom tionchar a imirt air?

Beidh ár nOifigigh Theagmhála á gcur féin ar fáil de réir mar a fhorbróidh an tionscadal.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh lenár nOifigeach Teagmhála Pobail, **Eoghan O'Sullivan**.

Glaoigh ar: **+353 87 247 7732**
Ríomhphost: **Eoghan.osullivan@eirgrid.com**



The Oval, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath D04 FW28
Teileafón: 01 677 1700 • www.eirgrid.com

Clóite ar pháipéar athchúrsáilte